# Scéim Iompar Scoile – Deontas Ceantar Iargúlta

Tá an méid seo a leanas ceaptha le heolas a chur ar fáil ar an Deontas Ceantar Iargúlta.

- **Aidhm na Scéime Iompar Scoile**

Is é aidhm na Scéime Iompar Scoile ná tacú le hiompar leanaí a bhfuil cónaí orthu go hiargúlta ón scoil go dtí an scoil agus abhaile ón scoil agus na hacmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh.

- **Critéir Cháilitheachta don Iompar Scoile**

Faoi théarmaí na Scéime Iompar Scoile:

- Ta leanaí **bunscoile** incháilithe don iompar má bhíonn siad ina gcónaí 3.2 ciliméadar ar a laghad ón mbunscoil náisiúnta is gaire dóibh agus go bhfuil siad ag freastal uirthi, mar a chinneann an Roinn/Bus Éireann, ag féachaint don éiteas agus don teanga.

- Tá leanaí **Iar-bhunscoile** incháilithe don iompar má bhíonn siad ina gcónaí 4.8 ciliméadar ar a laghad ón ionad oideachais is gaire dóibh, agus go bhfuil siad ag freastal air, mar a chinneann an Roinn/Bus Éireann, ag féachaint don éiteas agus don teanga.

- **Próiseas Iarratais ar Iompar Scoile**

Ní mór do thuismitheoirí linbh ar mian leo úsáid a bhaint as seirbhísí iompar scoile, den chéad uair, Foirm Iarratais ar Iompar Scoile a chomhlánú ar líne ag www.buseireann.ie.

Rachaidh Bus Éireann, a fheidhmíonn an scéim iompar scoile thar ceann na Roinne, i dteagmháil leis na hiarratasóirí uile maidir lena n-incháilitheacht don iompar scoile:

- áit a bhfuil seirbhís iompair ar fáil do leanaí incháilithe, leanfaidh Bus Éireann ag déanamh teagmhála leis na teaghlaigh incháilithe maidir le sonraisc, íocaíochtaí, ticéid a chur ar fáil etc.

- áit nach bhfuil seirbhís iompair ar fáil do leanaí incháilithe, cuirfidh Bus Éireann sonraí na n-iarratasóirí ar aghaidh go dtí an Roinn; rachaidh an Roinn i dteagmháil leis na teaghlaigh ansin go díreach maidir le Deontas Ceantar Iargúlta.

**Tabhair faoi deara le do thoil nach mór iarratas a dhéanamh ar iompar scoile sular féidir Deontas Ceantar Iargúlta a mheas.**

- **Deontas Ceantar Iargúlta**

D'fhéadfadh leanbh incháilithe nach bhfuil seirbhís iompair ar fáil dó/di, tar éis iarratas a dhéanamh ar iompar laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos, Deontas Ceantar Iargúlta a fháil i dtreo an chostais do shocruithe iompair príobháideacha.

Ní mór iarratas ar iompar a chur isteach do gach leanbh ina dhiaidh sin a bhfuil iompar de dhíth air/ uirthi, fiú i gcásanna ina bhfuil Deontas Ceantar Iargúlta á fháil ag an teaghlach.

De ghnáth bíonn an deontas, atá iníoctha ag deireadh na scoilbhliana, bunaithe ar cé chomh fada agus atá an teaghlach ina chónaí ón scoil a bhfuil siad incháilithe di.

Tá an Deontas Ceantar Iargúlta iníoctha freisin le leanaí bunscoile agus iar-bhunscoile incháilithe nach mór dóibh taisteal 3.2 ciliméadar nó níos mó chuig nó ón áit a mbailíonn Bus Éireann iad/ ón áit a ligeann Bus Éireann dóibh tuirlingt.

Áit a bhfuil an áit a mbailítear iad níos mó ná leath an fhaid ón mbaile go dtí an scoil:

- déanfar an deontas a ríomh ar an bhfad ón mbaile go dtí an scoil i gcásanna nach mbaineann an teaghlach úsáid as an tseirbhís iompair.

- déanfar an deontas ar ríomh ar an bhfad ón mbaile go dtí an áit a mbailítear iad i gcásanna a mbaineann an teaghlach úsáid as seirbhís iompair.

**Rátaí íocaíochta do Dheontas Ceantar Iargúlta**

| Fad | Ráta laethúil |
|---|---|
| 3.2 – 4.7 km | €1.30 |
| 4.8 – 6.4 km | €2.60 |
| 6.5 – 8.0 km | €3.30 |
| 8.1 – 9.6 km | €4.20 |
| 9.7 + | €5.10 |

- **Eolas ginearálta**

An t-uasmhéid liúntais laethúil atá iníoctha faoin Deontas Ceantar Iargúlta ná €5.10 in aghaidh an lae – is cuma faoi líon na leanaí ón teaghlach céanna, ag taisteal chuig scoileanna áirithe. Do theaghlaigh le níos mó ná leanbh amháin incháilithe déanfar méid an deontais a ríomh de réir na tagartha don leanbh a bhfuil an taifead tinrimh is airde aige/ aici.

Ní dhéanfar deontais a mheas ach amháin don scoilbhliain a bhfaightear iarratas ar iompar di; ní dhéanfar deontais a íoc faoi seach.

Tá na deontais faoi réir athbhreithnithe go tráthrialta agus d'fhéadfaidís a bheith éagsúil nó a bheith tarraingthe siar má athraíonn na cúinsí e.g. áit a mbíonn iompar scoile ar fáil.

Ní mór aon athruithe sna cúinsí e.g. athrú seolta, faoina ndearnadh Deontas Ceantar Iargúlta a fhaomhadh a chur in iúl don Roinn láithreach.

Ba chóir don doiciméad seo a bheith ceangailte leis an Scéim Iompar Scoile atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

Rannóg Iompar Scoile
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Bóthar Phort Laoise
Tullach Mhór
Co. Uíbh Fhaillí

**Teileafón 057 9325466/7**

**Athbhreithnithe Márta 2019** (bunleagan 2013).